Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0120(NLE)

05.01.2026

***

DRÉACHTMHOLADH

maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac
(10965/2025 – C10-0219/2025 – 2025/0120(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Nikola Bartůšek

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 5

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (10965/2025 – C10-0219/2025 – 2025/0120(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10965/2025),

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (10969/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2), le hAirteagal 88, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0219/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Poblacht Eacuadór.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is feiniméin trasteorann ó nádúr iad coireacht eagraithe thrasnáisiúnta agus sceimhlitheoireacht. Is minic a oibríonn líonraí coiriúla atá i mbun gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil arm agus sciúradh airgid ar fud an domhain, ag baint leas as bearnaí dlíthiúla agus bearnaí dlínsiúla chun brath agus ionchúiseamh a imghabháil. Sa chomhthéacs sin, tá ról lárnach ag an Meiriceá Laidineach agus é ina phríomhréigiúin shaothrú agus tháirgeadh cócaoin. Tá a chalafoirt ina dtúsphointí le haghaidh iompar ar aghaidh chuig an Aontas go minic. Chomh maith leis sin, feictear go dtagann daoine a ndéantar gáinneáil orthu le haghaidh dúshaothrú gnéasach agus, ar bhonn níos lú, dúshaothrú saothair, mar aon le himircigh neamhrialta a smuigleáiltear d'aer isteach san Aontas.

Bheadh comhar oibríochtúil méadaithe den chineál sin agus comhroinnt faisnéise ábhartha idir Europol agus Eacuadór tábhachtach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac in go leor réimsí coireachta leasa choitinn, agus da bhrí sin, d'áiritheofaí sábháilteacht níos fearr dár sochaithe. Tá an comhar sin idir Europol agus Eacuadór ann cheana i bhfoirm socrú oibre a síníodh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Cuireadh oifigeach idirchaidrimh ó Eacuadór ag obair in Europol chomh maith. Ní bheidh sé sin ina uirls éifeachtúil chun dul i ngleic le líonraí coiriúla trasnáisiúnta, áfach, mura bhfuiltear in ann sonraí pearsanta a mhalartú. Tá an comhar oibríochtúil méadaithe den chineál sin agus comhroinnt faisnéise ábhartha idir Europol agus Eacuadór tábhachtach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac in go leor réimsí coireachta leasa choitinn.

Cuirfear an ghné bhunriachtanach sin ar fáil dár n-údaráis forghníomhaithe dlí leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Eacuadór maidir le comhar idir Europol agus údaráis Eacuadór. Leis sin, beifear in ann sonraí pearsanta a mhalartú, rud atá ríthábhachtach nuair atáthar ag deileáil le coirpigh. Ach, leis an gComhaontú, cuirfear prionsabail ghinearálta maidir le cosaint sonraí, catagóirí speisialta sonraí pearsanta, agus rialacha don phróiseáil uathoibríoch agus aistrithe ar aghaidh sonraí pearsanta ar fáil freisin. Ag an am céanna, beidh coimircí ann freisin maidir le ceart rochtana, agus an ceart go ndéanfaí ceartúcháin, scriosadh agus srianadh. Tháinig MECS ar an gconclúid dhearfach go bhfuil coimircí leordhóthanacha sa chomhaontú i ndáil le príobháideachas, cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

Tá comhar idir Europol agus údaráis inniúla Eacuadór fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar choireacht thromcúiseach agus sceimhlitheoireacht. Cuirtear leis an tslándáil san Eoraip, sa Mheiriceá Laidineach agus níos faide i gcéin leis an gcomhpháirtíocht sin trí chomhroinnt faisnéise a éascú, inniúlacht institiúideach a neartú, creataí dlíthiúla a chomhchuibhiú, agus oibríochtaí comhordaithe a chumasú. Leis an gcomhar sin, leagtar béim ar an bprionsabal nach amháin gur rud tairbhiúil é gníomhaíocht chomhchoiteann i saol domhandaithe ach rud riachtanach chun síocháin agus cobhsaíocht a choinneáil ar bun.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)